C/2025/1187

21.3.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Soláthar agus praghsáil an leictreachais san Aontas san am atá romhainn

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/1187)

Rapóirtéir: **Jan DIRX**

Comhrapóirtéir: **Thomas KATTNIG**

Comhairleoirí	Peter Gijsbert BOERMA (thar ceann an rapóirtéara) René MONO (thar ceann an chomhrapóirtéara)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	15.2.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta Tuairim féintionscnaimh
An rannóg atá freagrach	Iompar, Fuinneamh, Bonneagar agus an tSochaí Faisnéise
Dáta a glactha sa rannóg	11.12.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	22.1.2025
Seisiún iomlánach Uimh.	593
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	185/3/3

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Tá CESE suite de nach amháin gur cheart an margadh leictreachais a athchóiriú sa chaoi go gcomhlíonfaidh sé cuspóir na haeráidneodrachta faoi 2050 ar a dhéanaí, ach nach mór é sin a chomhcheangal leis na cuspóirí maidir le slándáil an tsoláthair agus praghsanna cobhsaí agus inacmhainne. Is gá an ceart chun fuinnimh a chumhdach d'fhonn grúpaí leochaileacha a chosaint.

Ní féidir an meascán sin de chuspóirí, agus na mórinfheistíochtaí is gá, a bhaint amach ach amháin trí mheascán d'idirghabhálacha ón stát agus ó shásraí margaidh.

1.2. Chuige sin, molann CESE rialáil rialtais nuair is gá agus fiontraíocht phríobháideach nuair is féidir. Ba cheart fóntas leictreachais a chur ar bun. D'fhéadfadh sé gur cuideachta a bheidh san fhóntas leictreachais arna bunú ag an rialtas. Le himeacht ama, beidh ról cruthaitheora margaidh ag an gcuideachta sin sa mhargadh leictreachais agus is é an aidhm a bheidh leis an aeráidneodracht, slándáil an tsoláthair agus praghsanna cobhsaí agus inacmhainne a bhaint amach.

1.3. Is féidir an t-athrú is gá a dhéanamh ar an margadh leictreachais a roinnt ina thrí chéim:

(1) I rith chéim 1 (as seo go dtí 2030), forbróidh an fóntas leictreachais meascán inmhianaithe fuinnimh (neamh-CO_2). Le linn na céime seo, is ar bhonn lá roimh ré a dhéanfar an trádáil chumhachta sa mhargadh leictreachais ach tiocfaidh méadú ar thionchar an fhóntais leictreachais ar an margadh.

(2) Le linn chéim 2 (ó 2030 go dtí 2040), éireodh leis an bhfóntas leictreachais é féin a bhunú mar chruthaitheoir margaidh agus rialóidh sé cuid iomchuí de thaobh an tsoláthair den mhargadh trí bhíthin conarthaí soláthair. Tiocfaidh athrú ar ról na trádála lá roimh ré i rith na céime seo mar go dtiocfaidh an fóntas leictreachais chun cinn mar chruthaitheoir margaidh.

(3) I rith chéim 3 (ó 2040 go dtí 2050), leis an bhfóntas leictreachais déanfar taobh an tsoláthair leictreachais a bharrfheabhsú chun soláthar fadtéarmach inbhuanaithe leictreachais le glanastaíochtaí nialasacha gás ceaptha teasa a áirithiú amhail ó 2050 ar aghaidh, ar leibhéal praghsanna atá cobhsaí agus intuartha.

1.4. Athdhearbhaíonn CESE an teachtaireacht atá curtha chun cinn aige go minic, is é sin nach mór giniúint leictreachais ar mhionscála a spreagadh chun praghas an leictreachais a choinneáil inacmhainne do thomhaltóirí agus chun roghanna solúbthachta na n-eangach a mhéadú.

1.5. Agus coinne ann go bhfuil na praghsanna fuinnimh agus na taraifí tarchurtha agus dáileacháin le dúbailt, beidh ar na rialtais athmhachnamh a dhéanamh faoi na cánacha a ghearrtar ar an soláthar leictreachais do thomhaltóirí, i bhfianaise na gcostas leictreachais roimh agus tar éis 2030.

2. **Cúlra**

2.1. Tá sé mar aidhm ag an Aontas a bheith aeráidneodrach faoi 2050 – agus geilleagar againn ina mbeidh astaíochtaí gás ceaptha teasa glan-nialasacha. Tá ról lárnach ag an leictreachas sa mhéid sin. Is é is cúis leis sin, ar thaobh amháin, nach mór leictreachas a ghiniúint le glanastaíochtaí nialasacha freisin, rud a thugann príomhról d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh (amhail an ghaoth agus an ghrian) arna gcomhlánú, mar shampla, ag gléasraí a ritheann ar hidrigin ghlas, nó ag cineálacha eile gléasraí cumhachta (ísealcharbóin) le gabháil agus stóráil carbóin nó le frithváireamh carbóin. Ar an taobh eile, tiocfaidh méadú mór ar an éileamh ar leictreachas toisc go mbeidh ar an bhfuinneamh sin teacht in ionad cuid mhór den úsáid a bhaintear as breoslaí iontaise, amhail gás nádúrtha, i dteaghlaigh agus i gcuideachtaí.

2.2. Chun an t-aistriú sin a bhaint amach, tá gá le mórinfheistíochtaí nach dtiocfaidh díreach ón margadh leictreachais faoin struchtúr atá aige faoi láthair, ós rud é go bhfuil an toradh éiginnte, go háirithe le linn na hidirthréimhse. Tá éiginnteacht nach beag ann cé a mhaoineoidh na gléasraí cumhachta inseolta nua atá ag teastáil. Is amhlaidh atá toisc go gcuireann na foinsí in-athnuaite níos saoire dóthain leictreachais ar fáil chun freastal ar an éileamh, agus ciallaíonn sé sin nach rithfidh gléasraí inseolta ach go páirtaimseartha sa chás is fearr. Mar thoradh air sin, tiocfaidh méadú suntasach ar a meánchostais iomlána táirgthe fuinnimh ([1]). Ní bheidh aon dreasachtaí ann don mhargadh infheistíocht a dhéanamh i ngléasraí cumhachta den sórt sin gan cúiteamh costais. Ar an gcúis sin, ní mór fís fhadtéarmach de chuid an Aontais a chur i bhfeidhm a mbeidh tréimhse ama réalaíoch ag gabháil léi chun go mbeidh an margadh, rialtais, tomhaltóirí agus cuideachtaí in ann iad féin a chur in oiriúint ar bhealach rialaithe. Ba cheart do na Ballstáit pleananna cur chun feidhme réamhbhreathnaitheacha a tharraingt suas chun na cinntí infheistíochta is iomchuí a threorú. I roinnt Ballstát, áirítear leis sin sásraí íocaíochtaí acmhainneachta a fhorbairt a phraghsáiltear trí cheantanna iomaíocha.

2.3. Ní hamháin go mbaineann sé sin le hinfheistíochtaí in acmhainneacht táirgeachta, ach baineann sé freisin le hinfheistíochtaí san eangach agus i roghanna solúbtha, amhail acmhainneacht stórála, ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach. Is léir freisin go dtiocfaidh méadú ar ról na bhféinghineadóirí, na gcomharchumann fuinnimh agus a leithéid sa mhargadh leictreachais, lena n-áirítear acmhainneacht stórála ar mhionscála, amhail i ngluaisteáin leictreacha.

Mar thoradh ar an méid sin, tá saineolaithe á thuar go bhféadfadh méadú faoi dhó teacht ar an bpraghas leictreachais sna blianta amach romhainn ([2]). Beidh fadhbanna ag cuideachtaí agus tomhaltóirí, agus ag grúpaí leochaileacha go háirithe, mura bhforbrófar beartais leordhóthanacha chun aghaidh a thabhairt air sin.

Anuas air sin, de réir mar atá sa mhargadh faoi láthair, i.e. ordú ar an bpraghas is fearr, atá bunaithe ar an ord fiúntais ([3]), ní bhaineann tomhaltóirí agus cuideachtaí tairbhe leordhóthanach airgeadais as an méadú ar fhuinneamh in-athnuaite.

2.4. Dá bhrí sin, tá CESE suite de nach amháin gur cheart an margadh leictreachais a athchóiriú sa chaoi go gcomhlíonfaidh sé cuspóir na haeráidneodrachta faoi 2050 ar a dhéanaí, ach nach mór é sin a chomhcheangal leis na cuspóirí maidir le slándáil an tsoláthair agus praghsanna cobhsaí agus inacmhainne. Is gá an ceart ([4]) chun fuinnimh a áirithiú d'fhonn grúpaí leochaileacha a chosaint.

([1]) Is tomhas é an meánchostas iomlán táirgthe fuinnimh ar mheán-ghlanchostas reatha giniúna leictreachais do ghineadóir ó thús deireadh a shaolré. Úsáidtear é chun infheistíocht a phleanáil agus chun comparáid a dhéanamh idir modhanna éagsúla giniúna leictreachais ar bhonn comhsheasmhach.

([2]) EU Energy Outlook 2060.

([3]) Ord fiúntais: ord na ngléasraí cumhachta de réir leibhéal a n-imeallchostas, ó na himeallchostais is ísle go dtí na himeallchostais is airde. Fágann sin go leantar de ghléasraí cumhachta a bhfuil na himeallchostais is airde acu a chur leis an ord fiúntais go dtí go gcomhlíontar an t-éileamh. Is é an t-ord atá ann: an fuinneamh in-athnuaite, an fuinneamh núicléach, an gual, an ola agus an gás. De réir an dearaidh atá ar an margadh leictreachais faoi láthair, is é an gléasra cumhachta deiridh san ord fiúntais (an gás de ghnáth) a shocraíonn an praghas bunaithe ar na himeallchostais a bhaineann leis.

([4]) https://research.rug.nl/en/publications/the-right-to-energy-in-the-european-union.

Ní féidir an meascán sin de chuspóirí a bhaint amach ach amháin trí mheascán d'idirghabhálacha ón stát agus ó shásraí margaidh. D'áitigh CESE an méid sin cheana féin sa tuairim uaidh *Athchóiriú ar an margadh leictreachais* (TEN/793) a foilsíodh i mí an Mheithimh 2023 ([5]). Aontaíonn an mheitheal mhachnaimh Bruegel leis an méid sin, mar a chuir sé in iúl sa staidéar uaidh ar thodhchaí an mhargaidh leictreachais ó mhí Iúil 2024 ([6]).

2.5. Chuige sin, molann CESE rialáil rialtais nuair is gá agus fiontraíocht phríobháideach nuair is féidir. Is mian le CESE fóntas leictreachais a chur ar bun (féach Iarscríbhinn 1, léargas simplithe ar ról an fhóntais leictreachais).

Is éard a bheidh san fhóntas leictreachais cuideachta arna bunú ag an rialtas. Beidh ról cruthaitheora margaidh ag an gcuideachta sin sa mhargadh leictreachais agus is é an aidhm a bheidh ann an aeráidneodracht, slándáil an tsoláthair agus praghsanna cobhsaí agus inacmhainne a bhaint amach. Déanfaidh an fóntas leictreachais é sin trí chonarthaí fadtéarmacha (conarthaí difríochta dhá threo nó comhaontuithe ceannaigh cumhachta ([7])) a thabhairt i gcrích le táirgeoirí leictreachais trí nósanna imeachta tairisceana. Ina dhiaidh sin, déanfaidh an fóntas leictreachais an leictreachas a dhíol le cuideachtaí dáileacháin agus, i gcás inarb inmhianaithe, go díreach le húsáideoirí móra leictreachais.

Ní fheidhmeoidh an fóntas leictreachais mar mhol don leictreachas ar fad a tháirgtear. Mar shampla, is minic a dhéanfaidh táirgeoirí is tomhaltóirí, comharchumainn fuinnimh agus gineadóirí beaga eile a leictreachas a úsáid, a stóráil nó a sholáthar ar ais dá soláthraí leictreachais féin. D'fhéadfadh tomhaltóirí móra leictreachais conarthaí fadtéarmacha a thabhairt i gcrích go díreach le táirgeoir leictreachais freisin.

2.6. Sa tuairim féintionscnaimh seo, déanaimid coincheap an fhóntais leictreachais a chíoradh tuilleadh. Tabharfaimid forléargas leathan ar an gcoincheap, seachas cuntas (teicniúil) mionsonraithe, ar an ábhar go ndéanfar an coincheap a fhorbairt tuilleadh de réir a chéile sna blianta atá le teacht de réir mar a fhorbraíonn an margadh leictreachais féin.

3. **Feidhmeanna na margaí leictreachais**

3.1. Maidir leis an bpraghas leictreachais ar an margadh mórdhíola, tá difríocht idir na feidhmeanna nach mór a chomhlíonadh leis an bpraghas margaidh:

(1) Leithdháileadh gearrthéarmach idir éileamh agus soláthar – is é sin an fheidhm cheannasach atá ag an bpraghas sa lá atá inniu ann maidir le táirgí mórdhíola leictreachais (todhchaí, lá roimh ré, ionlae, etc.) atá dírithe go príomha ar na spotmhargaí.

(2) Feidhm chomharthaíochta – is é sin an cumas atá ann, i bhfianaise an phraghais margaidh, chun na hinfheistíochtaí is gá a mhealladh chun slándáil an tsoláthair (dícharbónaithe) a áirithiú amach anseo.

(3) Infheistíochtaí in acmhainní in-athnuaite, in acmhainní inseolta agus i roghanna solúbthachta a athmhaoiniú, amhail saoráidí stórála a bhainistiú ar thaobh an éilimh agus tomhaltas solúbtha (teaschaidéil, feithiclí leictreacha).

3.2. Tá dearadh reatha an mhargaidh mórdhíola claonta go soiléir i bhfabhar na chéad fheidhme a luaitear i bpointe 3.1, i.e. bunaithe ar éifeacht an oird fiúntais, an acmhainneacht ghiniúna atá ann cheana a leithdháileadh sa ghearrthéarma ar an mbealach is éifeachtúla agus an acmhainneachta tarchurtha leictreachais trasteorann a úsáid go héifeachtúil trí bhíthin malartuithe cumhachta réigiúnacha a eagrú. Níl sé soiléir a mhéid is féidir le dearadh reatha an mhargaidh an dara feidhm a chomhlíonadh, ós rud é go bhfuil cinnteacht ioncaim fhadtéarmach ag teastáil ó infheistíochtaí den sórt sin chun go mbeidh siad iontaofa ó thaobh brabúis de. Ar an gcúis chéanna, tá sé beagnach cinnte nach gcomhlíontar an tríú feidhm leis. Is iad na heasnaimh sin sa mhargadh atá ann cheana na cúiseanna a bhfuil dearadh nua margaidh á phlé.

3.3. Réiteach is ea an fóntas leictreachais a chuirtear chun cinn i dtuairim TEN/793 a chuirfeadh ar ár gcumas an tríú feidhm a luaitear i bpointe 3.1 a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr. Tá gealladh faoin bhfóntas úd. Thar ní ar bith eile, ráthófaí leis ardleibhéal slándála soláthair (do stáit a bhfuil col riosca acu agus ar mian leo cinntí feasacha a dhéanamh) ar an gcostas is lú is féidir don tomhaltóir.

3.4. Ina fhianaise sin, is ionstraim ríthábhachtach é an fóntas leictreachais, a ndéanfar cur chun síos mionsonraithe air sa chéad chaibidil eile, atá in ann na heasnaimh sa mhargadh leictreachais atá ann cheana a cheartú trí bhíthin idirghabhálacha beartais náisiúnta a oibríonn creataí seanbhunaithe an Aontais.

([5]) IO C 293, 18.8.2023, lch. 112.

([6]) https://www.bruegel.org/policy-brief/changing-dynamics-european-electricity-markets-and-supply-demand-mismatch-risk.

([7]) Is éard is conradh difríochta dhá threo ann conradh a shíníonn gineadóir leictreachais agus eintiteas poiblí. Socraítear an praghas ceangail sa chonradh difríochta dhá threo. Oibríonn sé mar seo: má tá praghas an mhargaidh faoi bhun an phraghais ceangail, faigheann an gineadóir an difríocht; más os cionn an phraghais ceangail praghas an mhargaidh, íocann an gineadóir an difríocht ar ais. Is conarthaí fadtéarmacha idir soláthróir agus ceannaitheoir leictreachais iad comhaontuithe ceannaigh cumhachta.

4. **An fóntas leictreachais**

4.1. Chun méid na dúshlán atá roimh mhargadh na giniúna cumhachta a thuiscint i gceart, is fiú na spriocanna don Aontas a shonraigh Eurelectric (Márta 2024) ([8]) a thabhairt faoi deara:

(a) Ní mór 35 % den fhuinneamh deiridh a leictriú faoi 2030

(b) Ní mór 50-70 % den fhuinneamh deiridh a leictriú faoi 2050

(c) Ní mór giniúint cumhachta a dhícharbónú go hiomlán faoi 2040

(d) Le deich mbliana anuas, sheas an ráta leictrithe thart ar 22 %

(e) Ní mór é sin a mhéadú go 35 % faoi 2030 agus go 61 % faoi 2050 chun na spriocanna thuas a bhaint amach.

4.2. Tá na cuspóirí sin thar a bheith dúshlánach agus is cóir a rá nach bhfuil dóthain dreasachtaí ag saormhargadh chun na cuspóirí sin agus na hathruithe is gá sa mhargadh a bhaint amach. Creideann CESE, dá bhrí sin, nach féidir ach leis na rialtais na dúshláin sin a bhainistiú go héifeachtach.

4.3. Chuige sin, tá gá le fís agus comhordú cothrom a dtacaítear leo ar an leibhéal Eorpach chun creat rialála a chruthú lena ráthaítear soláthar fuinnimh atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, inacmhainne agus iontaofa chomh maith leis an gceart chun fuinnimh. Ag an am céanna, is gá don stát treoir agus tacaíocht airgeadais a thabhairt lena hinfheistiú ionas go bhféadfaí aistriú ar mhórscála den sórt sin a chur i gcrích, mar atá curtha in iúl cheana féin.

4.4. Dá bhrí sin, i dtuairim TEN/793, mhol an Coiste go mbunófaí fóntais leictreachais faoi úinéireacht an stáit chun na cuspóirí sin a bhaint amach ar bhealach rialaithe. D'fhéadfaí comhordú idir na fóntais leictreachais stáit sin a eagrú ar leibhéal an Aontais chun margadh Eorpach leictreachais barrmhaith a áirithiú leis an idirthuilleamaíocht is gá ar leibhéal an Aontais. Bheadh an fóntas leictreachais in ann tairiscint a dhéanamh ar fhoinsí sonracha leictreachais chun an meascán is fearr leictreachais a bhaint amach, bunaithe ar na spriocanna laghdaithe carbóin is gá don mhargadh leictreachais a chur i gcrích in am.

4.5. Ba cheart praghsáil fuinnimh a bheith bunaithe ar mheánchostas iomlán táirgthe fuinnimh arna leagan síos ag an bhfóntas leictreachais, ós é is cuspóir don fhóntas úd meánphraghsáil chothrom agus chobhsaí ualaithe a áirithiú bunaithe ar mheascán cothrom de fhoinsí leictreachais, agus a meánchostas iomlán táirgthe fuinnimh ag gach ceann acu. Is éard atá san fhóntas leictreachais lárphointe idir na soláthróirí tráchtála leictreachais agus na cuideachtaí tráchtála ar dáileoirí leictreachais iad. Ar ndóigh, d'fhéadfadh tomhaltóirí móra leictreachais conarthaí fadtéarmacha a thabhairt i gcrích go díreach le táirgeoir leictreachais freisin.

D'fhéadfaí a chinntiú go mbeadh a ndóthain iontaoibhe ag soláthróirí leictreachais conarthaí fadtéarmacha (20 bliain agus níos mó) a shíniú, amhail comhaontuithe ceannaigh cumhachta agus conarthaí difríochta dhá threo, ach tacaíocht dhíreach ón stát a thabhairt. Dá bhrí sin, is léir nach bhféadfadh an fóntas leictreachais conarthaí fadtéarmacha den sórt sin a sholáthar ach amháin le tacaíocht airgeadais stáit nó trí úinéireacht dhíreach stáit.

4.6. Murab ionann agus an margadh, a áirithíonn comhardú gearrthéarmach (lá roimh ré agus ionlae) idir taobh an tsoláthair agus taobh an éilimh, is é príomhchuspóir na fhóntais leictreachais cobhsaíocht praghsanna mheántéarmach agus fhadtéarmach a áirithiú. Maidir leis an gcothromaíocht ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, bheadh algartam cúplála margaidh EUPHEMIA ([9]) an-oiriúnach, rud ar tháinig méadú air mar gheall ar na cumais nua a bhaineann leis an intleacht shaorga.

4.7. Rachadh sásra praghsála cobhsaí a chuirfí ar fáil trí bhíthin an fhóntais leictreachais chun tairbhe do thomhaltóirí freisin agus spreagfadh sé iad chun glacadh le tionscnaimh chun cumhacht áitiúil chomhoibritheach a ghiniúint agus a thomhailt, rud a bheadh, dar linn, ar cheann de na réitigh a bheidh ag teastáil amach anseo.

4.8. Cinneann na Ballstáit dóibh féin cé acu fóntas leictreachais a chur ar bun nó gan í a chur ar bun. Molann CESE go ndéanfar comhordú uile-Aontais maidir leis an gcaoi ar féidir na praghsanna fuinnimh is ísle agus is cobhsaí a bhaint amach. Is féidir an acmhainneacht riachtanach, an bonneagar eangaí agus an meascán fuinnimh comhlántach a chomhordú idir na Ballstáit freisin.

5. **As seo go 2050**

5.1. Moltar an t-athrú is gá a dhéanamh ar an margadh leictreachais a roinnt ina thrí chéim:

(1) As seo go 2030 – beidh gléasraí cumhachta gual agus gásadhainte iontaise fós ann.

([8]) https://www.eurelectric.org/publications/eurelectric-electrification-action-plan.
([9]) Is éard atá i gceist le EUPHEMIA *EU + Pan-european Hybrid Electricity Market Integration Algorithm*.

(2) Ó 2030 go 2040 – caithfear gléasraí inseolta neamh-CO_2 (e.g. hidrigin ghlas, gás iontaise le gabháil agus stóráil carbóin) agus córais acmhainneachta stórála a chur in ionad na ngléasraí cumhachta breosla iontaise inseolta.

(3) Ó 2040 go 2050 – beifear in ann athmhachnamh a dhéanamh ar na roghanna a rinneadh go dtí sin chun a chinntiú go mbeidh córas cobhsaí ann ó 2050 ar aghaidh.

Le linn chéim 1, forbróidh an fóntas leictreachais meascán inmhianaithe fuinnimh (neamh-CO_2). Teastaíonn am uaidh chun teacht chun cinn mar chruthaitheoir margaidh. Le linn na céime seo, dúnfar na gléasraí cumhachta gualadhainte agus aistreoidh gléasraí cumhachta gásadhainte ó ghás go H_2 nó ionchorprófar gabháil agus stóráil carbóin iontu. Le linn na céime seo (go dtí 2030), déanfar an trádáil chumhachta ar bhonn lá roimh ré sa mhargadh leictreachais ach tiocfaidh méadú ar thionchar an fhóntais leictreachais ar an margadh.

5.2. Le linn chéim 2, éireodh leis an bhfóntas leictreachais é féin a bhunú mar chruthaitheoir margaidh agus rialóidh sé cuid iomchuí de thaobh an tsoláthair den mhargadh trí bhíthin conarthaí soláthair. D'fhéadfadh conarthaí difríochta dhá threo nó comhaontuithe ceannaigh cumhachta a bheith i gceist leo sin. I dtreo dheireadh na céime seo, ina ról mar chruthaitheoir margaidh, áiritheoidh an fóntas leictreachais an soláthar leictreachais do na tomhaltóirí (trí bhíthin na gcuideachtaí a dháileann fuinneamh). Tiocfaidh athrú ar an tábhacht a bhaineann leis an trádáil ar bhonn lá roimh ré le linn na tréimhse sin ós rud é gur cruthaitheoir margaidh é an fóntas leictreachais. Mar sin féin, beidh tábhacht leis an trádáil an lá roimh ré agus an trádáil ionlae fós chun an soláthar agus an tomhaltas a chothromú.

5.3. Le linn chéim 3, leis an bhfóntas leictreachais, déanfar taobh an tsoláthair leictreachais a bharrfheabhsú chun soláthar fadtéarmach inbhuanaithe leictreachais gan astaíochtaí CO_2 a áirithiú amhail ó 2050 ar aghaidh, ar leibhéal praghsanna atá cobhsaí agus intuartha. Ar bhonn na taithí a fuarthas, is féidir é seo a bhaint amach tríd an meascán cumhachta a bharrfheabhsú trí bhíthin conarthaí soláthair fadtéarmacha (20-30 bliain).

5.4. Chomh maith leis an méid thuas, agus ó thaobh sistéamach de, tá roghanna tábhachtacha eile ann chun an soláthar agus an t-éileamh a chothromú, mar shampla comhroinnt fuinnimh agus trádáil idir piaraí. Gabhann buntáiste sa bhreis ag na roghanna sin, is é sin pobail fuinnimh amhail comharchumainn agus táirgeoirí is tomhaltóirí aonair a spreagadh le ról gníomhach a bheith acu san aistriú fuinnimh. Dá bhrí sin, athdhearbhaíonn CESE an teachtaireacht atá curtha chun cinn aige go minic, is é sin nach mór giniúint leictreachais ar mhionscála a spreagadh chun praghas an leictreachais a choinneáil inacmhainne do thomhaltóirí agus chun roghanna solúbthachta na n-eangach a mhéadú.

6. **Airgeadas agus cánachas**

6.1. Meastar go leanfaidh praghas an leictreachais de bheith ag méadú go dtí 2035, agus go dtiocfadh méadú faoi dhó air sa chás is measa. Ar an dea-uair, tá an méadú sin ar phraghsanna á mhaolú ag an méadú ar fhoinsí in-athnuaite (féach fonóta 2). Sin é an fáth gur gá níos mó obair shamhaltaithe a dhéanamh ar phraghsáil chun cabhrú le rialtais roghanna costéifeachtacha a dhéanamh don mheascán giniúna cumhachta. D'fhéadfadh an fóntas leictreachais seirbhísí den sórt sin a chur ar fáil.

6.2. Tá roinnt oibreoirí córais tarchuir ([10]) ann cheana féin a deir nach mbeidh siad in ann agaí fónaimh eangaí leordhóthanacha a ráthú tar éis 2030 mura ndéantar infheistíochtaí móra idir an dá linn chun a líonra a uasghrádú. I gcuid de na Ballstáit, tá na táirgeoirí is tomhaltóirí díchúpláilte ón eangach dáileacháin ós rud é nach leordhóthanach acmhainneacht táirgeachta na heangaí sin. Chun an t-uasghrádú sin a mhaoiniú in am trátha, ní mór do na rialtais cistí leordhóthanacha a chur ar fáil, á chur san áireamh gurb iad féin a rialaíonn na hoibreoirí córais tarchuir agus na hoibreoirí córais dáileacháin ([11]). Beidh taraifí méadaithe le haghaidh úsáideoirí mar thoradh ar na hinfheistíochtaí breise sin. I bhfianaise mhéid na n-infheistíochtaí atá ag teastáil, tá gach seans ann go méadódh na taraifí atá ann faoi láthair faoi dhó.

6.3. Chun aistriú rianúil ó leictreachas iontaise go leictreachas a ghintear ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus ísealcharbóin a áirithiú, creidtear gur gá tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh ar fud an Aontais chun samhlacha praghsála comhsheasmhacha uile-Aontais a bhunú bunaithe ar mheánchostais iomlána táirgthe fuinnimh agus meánchostais iomlána chóras iomlán an táirgthe fuinnimh (*Levelised Full System Cost of Electricity, LFSCOE* ([12])). Chabhródh sé sin le rialtais roghanna fónta a dhéanamh le linn na hidirthréimhse as seo go dtí 2050 chun a áirithiú go bhfanfaidh an leictreachas inacmhainne do shaoránaigh agus do chuideachtaí araon.

([10]) Is éard is oibreoir córais tarchuir ann eagraíocht atá freagrach as leictreachas a tharchur go héifeachtúil agus go hiontaofa ó ghléasraí giniúna tríd an eangach chumhachta chuig oibreoirí dáileacháin leictreachais réigiúnacha nó áitiúla.

([11]) Is iad oibreoirí na gcóras dáileacháin a dhéanann na gréasán dáileacháin fuinnimh áitiúl agus réigiúnach a oibriú agus a bhainistiú, is é sin na gréasáin a iompraíonn an leictreachas chuig na húsáideoirí deiridh.s. Is gcásanna áirithe, is leo féin na gréasáin.

([12]) An meánchostas iomlán ar chóras iomlán an táirgthe fuinnimh, is méadrach meastóireachta atá ann a úsáidtear chun na costais iomlána chun freastal ar an margadh ar fad a ríomh i gcás gach foinse ar leithligh móide na costais stórála; cuirtear costais freastail gach foinse i gcomparáid le chéile ansin. https://drive.google.com/file/d/1JB-x88wPQuKwWoFnxvkDAzbJ7hnM1-sj/view.

6.4. Mar sin, leis an méadú ar phraghsanna fuinnimh agus ar na taraifí tarchurtha agus dáileacháin, beidh ar na rialtais athmhachnamh a dhéanamh faoi na cánacha a ghearrtar ar an soláthar leictreachais do thomhaltóirí, i bhfianaise na gcostas leictreachais roimh agus tar éis 2030. Mura gcuirfí cúiteamh ar fáil trí chánachas a laghdú, tá seans maith go n-éireodh an leictreachas neamh-inacmhainne do ghrúpaí áirithe de shaoránaigh an Aontais agus d'fhéadfadh sé go laghdófaí iomaíochas cuideachtaí nach mór dóibh dul san iomaíocht le cuideachtaí eile ó thíortha lasmuigh den Aontas.

An Bhruiséil, an 22 Eanáir 2025

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE